SPU
An tAonad um Sholáthar do Scoileanna

Nuachtlitir Sholáthair

EAGRÁN 5:
MEÁN FÓMHAIR /
DEIREADH FÓMHAIR 2017

Soláthar Leictreachais do Scoileanna - athnuachan conarthaí

I dtreo dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2017, sheol an Oifig um Sholáthar Rialtais doiciméid eolais agus chonartha maidir le soláthróir nua leictreachais a cheapadh do gach scoil atá faoi chonradh laistigh de bheartán na hOifige. Eisíodh a thuilleadh fógraí do scoileanna ag cur i gcuimhne dóibh (i) an conradh earraí; (ii) an comhaontú rúndachta; agus (iii) an fhoirm le cuntas a bhunú, a shíniú agus a sheoladh go dtí an soláthróir nua Energia (**smeAccountManager@energia.ie**) faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2017. Má chríochnaítear go luath an próiseas seo éascóidh sé sin aistriú réidh chuntais na scoileanna ón soláthróir reatha go Energia faoin 1 Bealtaine 2018, dáta tosaithe an chonartha nua.

Má tá ceist ar bith agat maidir leis an bpróiseas athnuachana nó má theastaíonn uait do scoil a chur le beartán Oifig um Sholáthar an Rialtais, déan teagmháil leis an Oifig ag: 076 100 8000 nó cuir r-phost chucu ag **support@ogp.gov.ie**

San eagrán seo . . .

- Conradh nua i gcomhair ríomhairí deisce agus glúine do scoileanna
- Soláthar Leictreachais do Scoileanna - athnuachan conarthaí
- An scéala is déanaí faoi na creataí atá ar fáil do scoileanna
- Aonaid Suíochánra Boird do Cheaintín Scoile i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna
- Ordú ar líne - Earraí Leictreacha (Earraí Bána agus Fearais Bheaga)
- Foinsiú don Eacnamaíocht Bhaile - Tuairisc chun dáta
- An Treoir do Scoileanna maidir le Soláthar
- Ar na bacáin
- An teistiméireacht is déanaí

Ríomhairí deisce agus glúine do scoileanna

Tá lúcháir orainn an socrú nua seo a fhógairt faoi dheireadh lena mbeidh scoileanna in ann ríomhairí deisce agus glúine a theastaíonn uathu a ordú go díreach iad féin. Níl aon riachtanas soláthair ann toisc go bhfuil an méid sin déanta cheana féin ar son na scoileanna uile. Níl le déanamh ach an gléas a oireann do cibé riachtanais ar leith atá agaibh a aithint agus an líon díobh a theastaíonn a ordú.





Chun rochtain iomlán a fháil ar an Treoirleabhar agus ar na Foirmeacha Ordaithe, cinntigh go bhfuil tú cláraithe mar 'Cheannaitheoir' ar **www.procurement.ie** agus gheobhaidh tú na doiciméid ag an nasc seo - **https://bz.procurement.ie/contracts/4212**

An scéala is déanaí faoi na creataí atá ar fáil do scoileanna

Tá roinnt creat-chomhaontuithe nua tugtha chun críche ag an Oifig um Sholáthar Rialtais le déanaí agus beidh fáil ag gach bunscoil agus iar-bhunscoil orthu amach anseo. Tá na sonraí ar fad faoi gach creat, faoi réimse na n-earraí agus na seirbhísí a mbaineann siad leo agus faoin meicníocht shainithe íostarraingthe le fáil do cheannaitheoirí 'cláraithe' ar **www.procurement.ie**. Tá na sonraí sin le fáil ar an leathanach atá dírithe ar Scoileanna, atá laistigh de Chrios na gCeannaitheoirí, ar **www.procurement.ie**

Seirbhísí Sláinte Ceirde - Beart 2: Vacsaíniú Taistil agus Seirbhísí Comhairliúcháin
https://bz.procurement.ie/contracts/4183

Clár Cártaí Ceannaíochta
https://bz.procurement.ie/contracts/4144

Soláthar agus Seachadadh Táirgí Intomhalta agus Indiúscartha Lónadóireachta
https://bz.procurement.ie/contracts/4176

Creat Ilsoláthraithe maidir le Soláthar Seirbhísí Stiallta Discréideacha
https://bz.procurement.ie/contracts/4201

Aonaid Suite chun Boird do Cheaintín Scoile (tá breis sonraí thíos)
https://bz.procurement.ie/contracts/4179

Aonaid Suíochánra Boird do Cheaintín Scoile i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna

Is féidir le scoileanna anois trí mhéid éagsúla (8, 12, 16 shuíochán) d'Aonaid Suíochánra Boird do Cheaintín Scoile a ordú go díreach ón soláthróir. Is féidir íomhánna agus bileog sonraí le haghaidh gach táirge a fháil ag **https://bz.procurement.ie/contracts/4179** sa mhír "Eolas Breise".

Tá roinnt céimeanna nach mór a leanúint chun teacht ar na táirgí: Sula ndéanann tú do chéad ordú leis an soláthróir, ní mór duit "Foirm um Fhógra a thabhairt Earraí a Ghníomhachtú" a chomhlánú, a shíniú agus a sheoladh ar ríomhphost go dtí Peter Walsh & Sons (Manufacturing) Limited ag info@pwalshandsons.com agus síneoidh an soláthróir í agus cuirfidh ar ais chugat í laistigh de chúig lá. Déanfaidh sé sin do chuntas a ghníomhachtú agus is féidir leat ansin earraí a ordú ach ríomhphost a chur go dtí Peter Walsh & Sons (Manufacturing) Ltd. nó glaoch orthu ar an bhfón. Gheobhaidh tú admháil go bhfuarthas d'iarratas agus socrófar cuairt láithreáin chun do chuid riachtanas agus sceideal seachadta a aontú. Tá sonraí an chonartha seo agus conas é a úsáid ar fáil anseo **https://bz.procurement.ie/contracts/4179**

Ordú ar líne - Earraí Leictreacha (Earraí Bána agus Fearais Bheaga)

Is féidir na hearraí bána uile a theastaíonn a ordú go díreach ar líne anois ó D.I.D Electrical. Má tá cuntas beo reatha agat cláraithe chun an creat seo a úsáid, féadfaidh tú na sonraí logála isteach a iarraidh ach ríomhphost a chur go dtí D.I.D Electrical ag **ogp@did.ie**

Mura bhfuil cuntas agat, ní mór duit 'Foirm um Fhógra a thabhairt Earraí a Ghníomhachtú' atá ar fáil anseo a chomhlánú - **https://bz.procurement.ie/contracts/3054** - Conas an conradh seo a úsáid. Seol cóip scanta di go dtí **ogp@did.ie** agus síneoidh D.I.D Electrical í agus cuirfidh ar ais chugat í, rud a ghníomhóidh do chuntas. Féadfaidh tú ansin sonraí logála isteach dá n-áis ordaithe ar líne a iarraidh.

Tá táirgí a theastaíonn ó Liosta Eacnamaíocht Bhaile na Roinne Oideachais agus Scileanna ar fáil anois ach iad a tharraingt anuas go díreach ó shocrú conartha Oifig um Sholáthar an Rialtais. Déan teagmháil le Fiona san Aonad um Sholáthar do Scoileanna le haghaidh sonraí breise - **fionacoy@jmb.ie**

Tionscadal Píolótach Íocaíochtaí Scoile

Tá próiseas measúnaithe ar siúl faoi láthair chun grinnscrúdú a dhéanamh ar thograí a fhaightear ón margadh maidir le raon cuimsitheach de réitigh íocaíochta sholáimhsithe a sheachadadh lena mbeidh sé níos fusa (do thuismitheoirí) íocaíochtaí a sheoladh go dtí scoileanna chun íoc as gníomhaíochtaí scoilbhunaithe, agus níos fusa do na scoileanna na híocaíochtaí sin a fháil. Leis an tionscadal seo ba cheart go laghdófaí ar líon na n-íocaíochtaí in airgead tirim a fhaigheann scoileanna, ach beidh tuismitheoirí fós in ann íocaíochtaí a dhéanamh in airgead tirim más fearr leo déanamh amhlaidh. Meastar go mbeidh na réitigh seo ar fáil do scoileanna i Ráithe 1 2018.



Tá cóip chlóite den 'Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtas Soláthair' faighte ag gach uile scoil sa tír ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna. Tá an Treoir ceaptha mar áis thagartha faoin dea-chleachtas, rud ar féidir le pearsanra scoile breathnú air le treoir a fháil ar gach uile ghné den soláthar a théann i gcion ar fheidhmiú a scoile. Glactar le cur chuige praiticiúil, céim ar chéim, sa treoir i leith comhairle a thabhairt maidir le próisis chuí soláthair do scoileanna.

Mura bhfuil do chóip faighte agat go fóill nó más mian leat cóipeanna breise a iarraidh, seol r-phost chui **procurementsupport@jmb.ie**, agus bíodh do sheoladh iomlán poist luaite agat. Tá cóip den treoir ar fáil i nGaeilge chomh maith. Tá cóipeanna leictreonacha den dá leagan ar fáil lena n-íoslódáil ag **https://www.jmb.ie/procurement-guide**

AR NA BACÁIN

Foilsíodh Sceideal Creataí agus Conarthaí na hOifige um Sholáthar Rialtais (Deireadh Fómhair 2017 - Tuairisc chun dáta R4) le déanaí agus tá sé le fáil ag **http://ogp.gov.ie/3236-2/**. Cuireann an sceideal sin ar chumas scoileanna breathnú ar réimse na gconarthaí agus na gcreataí, roinnt mhaith acu ar féidir le scoileanna iad a úsáid, a bheidh á gcur i bhfeidhm as seo go ceann sé mhí.

An teistiméireacht is déanaí

Toisc nach raibh aon taithí agamsa ar Thairiscintí chuaigh mé i leith an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna chun comhairle a fháil maidir le conas tabhairt faoin bpróiseas. Thug an tAonad um Sholáthar do Scoileanna eolas luachmhar dom amhail teimpléid don Tairiscint agus threoraigh siad tríd an bpróiseas ar fad mé ag tosú le dréacht-doiciméad tairisceana a chruthú agus ar aghaidh go dtí an tairiscint a uaslódáil agus an tairiscint sin a bheith beo. Anuas ar an méid sin, d'ullmhaigh siad an mhaitrís phraghsála i gcomhair comparáid praghsanna maidir le tíolacadh, ó is cúram casta go leor é seo nach mbeinn in ann a chur i gcrích mé féin. Thug siad teimpléid litreach dom freisin chun glacadh leis an Tairiscint nó í a dhiúltú. D'úsáid mé an tAonad um Sholáthar do Scoileanna don Chonradh Glantóireachta agus do Chonradh an Cheaintín agus fuair mé seirbhís den chéad scoth uathu dóibh araon.

Coláiste Cuimsitheach an Chorráin, Tuar an Daill, Luimneach

Maidir le fiosruithe ginearálta, aiseolas ar leith nó moltaí ar an gcaoi is féidir linn an tseirbhís a sholáthraimid do do scoil, nó d'earnáil na scoileanna trí chéile, a fheabhsú, féach ar ár sonraí teagmhála anseo thíos le do thoil.

An tAonad um Sholáthar do Scoileanna,
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB), Teach Emmet,
Bóthar Dhún Droma, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath D14 V3K8

T: 01 203 5899 **F:** 01 269 5461
G: www.jmb.ie/school-procurement **R:** procurementsupport@jmb.ie

LEAN MUID
@SPUireland

NABMSE National Association of Boards of Management in Special Education
Educate Together
ACCS Association of Community and Comprehensive Schools
JMB AMCSS SECRETARIAT
CATHOLIC PRIMARY SCHOOLS MANAGEMENT ASSOCIATION
AN FORAS PÁTRÚNACHTA
Church of Ireland Board of Education